Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12037/25**

**LIMITE**

**CORLX 809**
**CFSP/PESC 1211**
**COAFR 219**
**FIN 957**
**JAI 1146**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1763[1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle ar Chinneadh (CBES) 2015/1763, ba cheart na bearta sriantacha a leagtar amach ann a athnuachan go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026 agus ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin atá ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha, mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, a scriosadh.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2015/1763 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh (CBES) 2015/1763 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin (IO L 257, 2.10.2015, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1763/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1763 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, an dara mír, cuirtear '31 Deireadh Fómhair 2026' in ionad '31 Deireadh Fómhair 2025';

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh in/sa…, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1763 ('Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2'), scriostar an iontráil seo a leanas:

'3. Mathias-Joseph NIYONZIMA'.

PUBLIC